2024/1319

16.5.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1319 ÓN gCOIMISIÚN

an 15 Bealtaine 2024

maidir leis na maoluithe ó na rialacha 'táirgí tionscnaimh' a leagtar síos sa Chomhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn a bhfuil feidhm acu laistigh de theorainneacha na gcuótaí bliantúla le haghaidh táirgí áirithe ón Nua-Shéalainn

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais ([1]), agus go háirithe Airteagal 58(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh (AE) 2024/244 ([2]) ón gComhairle, ghlac an Chomhairle an Comhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn ([3]) ('an Comhaontú').

(2) I gCaibidil 3 den Chomhaontú, déantar foráil maidir le sainmhíniú ar an gcoincheap 'rialacha tionscnaimh agus nósanna imeachta tionscnaimh' agus leagtar síos in Iarscríbhinn 3-B a ghabhann leis an gComhaontú liosta de rialacha tionscnaimh táirgeshonracha. I bhFoscríbhinn 3-B-1 a ghabhann leis an Iarscríbhinn sin sainmhínítear rialacha malartacha a bhféadfadh feidhm a bheith acu, in ionad na rialacha a leagtar amach in Iarscríbhinn 3-B, maidir le táirgí áirithe a mheasfar a bheith de thionscnamh na Nua-Shéalainne, laistigh de theorainneacha an chuóta bhliantúil is infheidhme.

(3) Táirgí a bhfuil feidhm ag na rialacha malartacha a leagtar síos i bhFoscríbhinn 3-B-1 maidir leo agus atá laistigh de theorainneacha an chuóta bhliantúil is infheidhme, is féidir iad a allmhairiú isteach san Aontas saor ó dhleacht, cé is moite d'earraí faoin gcód Córais Chomhchuibhithe 0303.69, a gcuirfear deireadh leis na dleachtanna custaim ina leith in ocht gcéim bhliantúla chomhionanna ag tosú ar theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe, ar choinníoll go gcomhlíonann siad na coinníollacha a leagtar amach san Fhoscríbhinn sin.

(4) I gcás táirgí áirithe, tá méideanna na gcuótaí le méadú má chomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos i bhFoscríbhinn 3-B-1 a ghabhann le Foscríbhinn 3-B a ghabhann leis an gComhaontú.

(5) Ba cheart na cuótaí bliantúla a leagtar amach i bhFoscríbhinn 3-B-1 a bhainistiú bunaithe ar ord croineolaíoch na ndátaí a ghlactar leis na dearbhuithe custaim maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht i gcomhréir leis na rialacha maidir le bainistiú taraif-chuótaí a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ([4]) ón gCoimisiún.

(6) Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2024.

(7) Chun bainistiú éifeachtach agus cur i bhfeidhm tráthúil na gcuótaí tionscnaimh a leagtar amach i bhFoscríbhinn 3-B-1 a ghabhann le hIarscríbhinn 3-B a áirithiú, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón dáta sin.

(8) Leis na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo cuirtear san áireamh an tuairim ón gCoiste um an gCód Custaim,

([1]) IO L 269, 10.10.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/952/oj.

([2]) Cinneadh (AE) 202244 ón gComhairle an 27 Samhain 2023 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn (IO L 2024/244, 28.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/244/oj).

([3]) An Comhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn (IO L, 2024/866, 25.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2024/866/oj).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le forálacha áirithe Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/2447/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Beidh feidhm ag na maoluithe a leagtar amach i bhFoscríbhinn 3-B-1 den Chomhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn ('an Comhaontú') laistigh de theorainneacha na gcuótaí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a mhéid a bhaineann leis na táirgí a liostaítear inti.

Airteagal 2

Déanfar na cuótaí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a bhainistiú i gcomhréir le hAirteagail 49 go 54 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447.

Airteagal 3

Chun leas a bhaint as cuóta a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, beidh ráiteas maidir le tionscnamh arna dhéanamh ag an onnmhaireoir ag gabháil leis na táirgí lena ndeimhneofar go gcomhlíonann na táirgí na coinníollacha a leagtar síos i bhFoscríbhinn 3-B-1 a ghabhann leis an gComhaontú agus nuair a dhéantar amach é de bhun thábla 1 d'Fhoscríbhinn 3-B-1 a ghabhann leis an gComhaontú, beidh an ráiteas 'Cuóta tionscnaimh – Táirge arna thionscnamh i gcomhréir le Foscríbhinn 3-B-1' nó, nuair a dhéantar é de bhun thábla 2 d'Fhoscríbhinn 3-B-1 a ghabhann leis an gComhaontú, beidh an ráiteas 'Cuótaí tionscnaimh – Táirge arna thionscnamh i gcomhréir le Foscríbhinn 3-B-1, arna ghabháil ag an soitheach cairtfhostaithe eachtrach [ainm an tsoithigh] i Limistéar Eacnamaíoch Eisiach na Nua-Shéalainne faoi uimhir an cheada iascaireachta [uimhir cheada]'.

Airteagal 4

1. I gcás cuótaí dar sraithuimhreacha 09.7914, 09.7915, 09.7916 dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo, má úsáidtear níos mó ná 80 % de chuóta tionscnaimh a shanntar do tháirge le linn bliain féilire, méadófar leithdháileadh an chuóta tionscnaimh le haghaidh na bliana féilire dar gcionn.

2. 10 % den chuóta tionscnaimh a sannadh don táirge sa bhliain féilire roimhe sin a bheidh sa mhéadú dá dtagraítear i mír 1.

3. Beidh feidhm ag an bhforáil fáis a leagtar amach i dTábla 2 d'Fhoscríbhinn 3-B-1 a ghabhann le hIarscríbhinn 3-B den Chomhaontú den chéad uair tar éis don chéad bhliain féilire iomlán dul in éag tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo agus cuirfear i bhfeidhm í ar feadh trí bliana san iomlán laistigh de na chéad sé bliana féilire iomlána tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

4. Déanfar aon mhéadú ar mhéid an chuóta tionscnaimh a chur chun feidhme sa chéad ráithe den bhliain féilire ina dhiaidh sin.

Airteagal 5

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Bealtaine 2024.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Bealtaine 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

D'ainneoin na rialacha maidir le léirmhíniú na hAinmníochta Comhcheangailte, cinnfear raon feidhme na scéime fabhraí, laistigh de chomhthéacs na hIarscríbhinne sin, leis na cóid AC mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ([1]) ón gComhairle, agus le tuairisc an táirge sa tríú colún de Thábla 1 agus sa tríú colún de Thábla 2 san Iarscríbhinn seo, in éineacht a chéile.

Tábla 1

Sraithuimhir cuóta	Cód AC	Tuairisc an táirge	Tréimhse an chuóta	Cuóta bliantúil (EUR)
09.7911	5903	Fabraicí teicstíle atá tuilte, brataithe, clúdaithe nó lannaithe le plaistigh, seachas iad sin atá faoi cheannteideal 5902	Ón 1.5.2024 go dtí an 31.12.2024 agus le haghaidh gach bliain ina dhiaidh sin ón 1.1 go dtí an 31.12	562 000
09.7912	Caibidil 61	BAILL ÉADAIGH AGUS GABHÁLAIS ÉADAIGH, CNIOTÁILTE NÓ CRÓISEÁILTE	Ón 1.5.2024 go dtí an 31.12.2024 agus le haghaidh gach bliain ina dhiaidh sin ón 1.1 go dtí an 31.12	1 200 000
09.7913	Caibidil 62	BAILL ÉADAIGH AGUS GABHÁLAIS ÉADAIGH, GAN CNIOTÁIL GAN CRÓISEÁIL	Ón 1.5.2024 go dtí an 31.12.2024 agus le haghaidh gach bliain ina dhiaidh sin ón 1.1 go dtí an 31.12	1 000 000

Tábla 2

Sraithuimhir cuóta	Cóid AC	Tuairisc an táirge	Tréimhse an chuóta	An cuóta bliantúil (an glanmheáchan i gcileagraim)
09.7914	0303 54 0303 55	Ronnaigh reoite (Scomber scombrus, Scomber australasicus, Scomber japonicus), Bolmáin reoite den ghéineas Trachurus (Trachurus spp.)	31.12.2024 agus le haghaidh gach bliain ina dhiaidh sin ón 1.1 go dtí an 31.12	500 000
09.7915	0303 66 0303 68 0303 69 0303 89	Colmóir reoite Faoitín gorm reoite Éisc reoite de chuid na bhfinte bregmacerotidae, euclichthyidae, gadidae, macrouridae, melanonidae, merlucciidae, moridae agus muraenolepididae (seachas trosc, cadóg, iasc guail, colmóir, mangach Alascach agus faoitín gorm) Iasc reoite, nach bhfuil sonraithe in áit eile.	Ón 1.5.2024 go dtí an 31.12.2024 agus le haghaidh gach bliain ina dhiaidh sin ón 1.1 go dtí an 31.12	5 500 000
09.7916	0307 43	Cudail agus scuideanna, iad reoite, bídís sa bhlaosc nó ná bídís	Ón 1.5.2024 go dtí an 31.12.2024 agus le haghaidh gach bliain ina dhiaidh sin ón 1.1 go dtí an 31.12	8 000 000

([1]) Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1987/2658/oj).